



Uimhir 32 de 2010

AN tACHT CEIMICEÁN (LEASÚ) 2010

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Míniú.
 2. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.
 3. Leasú ar alt 5 den Phríomh-Acht.
 4. Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht
 5. Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht.
 6. Leasú ar alt 14 den Phríomh-Acht.
 7. Leasú ar alt 15 den Phríomh-Acht.
 8. Leasú ar alt 16 den Phríomh-Acht.
 9. Leasú ar alt 29 den Phríomh-Acht.
 10. Leasú ar alt 30 den Phríomh-Acht.
 11. Forléiriú tagairtí sa Phríomh-Acht.
 12. Leasú ar an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.
 13. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme.
-

[Uimh. 32.] *An tAcht Ceimiceán (Leasú) 2010.* [2010.]

NA HACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

An tAcht Ceimiceán 2008	2008, Uimh. 13
Acht na gComhphobal Eorpach 1972	1972, Uimh. 27
Acht na gComhphobal Eorpach 2007	2007, Uimh. 18
An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	2005, Uimh. 10



Uimhir 32 de 2010

AN tACHT CEIMICEÁN (LEASÚ) 2010

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA CEIMICEÁN 2008 AGUS AN ACHTA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR 2005; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[24 Samhain, 2010]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Ceimiceán Míniú. 2008.

2.—Leasaítear fo-alt (1) d’alt 2 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhíniú ar “ceimiceán”:

“folaíonn ‘ceimiceán’—

(a) ceimiceán, ullmhóid nó airceadal de réir bhrí Rialachán Rotterdam,

(b) glantach de réir bhrí Rialachán na nGlantach,

(c) substaint, ullmhóid nó airceadal de réir bhrí Rialachán REACH,

(d) substaint, meascán nó airceadal de réir bhrí Rialachán CLP, agus

(e) substaint chontúirteach—

(i) de réir bhrí Threoir 96/82/CE an 9 Nollaig 1996 ón gComhairle¹ maidir le rialú guaiseacha mórtionóisce ina bhfuil substaintí contúirteacha i gceist, agus

¹IO L10, 14.01.1997, lch. 14

- (ii) de réir bhrí Threoir 67/548/CEE an 27 Meitheamh 1967 ón gComhairle² maidir le comhfhogasú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le rangú, pacáistiú agus lipéadú substaintí contúirteacha;”,

- (b) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Rialachán CLP’ Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 an 16 Nollaig 2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le substaintí agus meascáin a aicmiú, a lipéadú agus a phacáistiú³;”,

- (c) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “Rialachán na nGlantach”:

“ciallaíonn ‘Rialachán na nGlantach’ Rialachán (CE) Uimh. 648/2004 an 31 Márta 2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le glantaigh⁴;”,

- (d) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “Rialacháin Eorpacha”:

“ciallaíonn ‘Rialacháin Eorpacha’—

- (a) Rialachán Rotterdam,
- (b) Rialachán na nGlantach,
- (c) Rialachán REACH, agus
- (d) Rialachán CLP;”,

- (e) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b) den mhíniú ar “údarás náisiúnta”:

“(b) údarás inniúil sa Stát faoi alt 8(2), 8(3) nó 8(3A) (a cuireadh isteach le *halt 4* den *Acht Ceimiceán (Leasú) 2010*), nó”,

- (f) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “Rialachán REACH”:

“ciallaíonn ‘Rialachán REACH’ Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 an 18 Nollaig 2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ceimiceáin a Chlárú, a Mheasúnú, a Údarú agus a Shrianadh agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán⁵;”,

agus

- (g) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “Rialachán Rotterdam”:

“ciallaíonn ‘Rialachán Rotterdam’ Rialachán (CE) Uimh. 689/2008 an 17 Meitheamh 2008 ó Pharlaimint na hEorpa

²IO L196, 16.08.1967, lch. 1

³IO L353, 31.12.2008, lch. 1

⁴IO L104, 08.04.2004, lch. 1

⁵IO L396, 30.12.2006, lch. 1

agus ón gComhairle maidir le honnmhairiú agus allmhairiú ceimiceán contúirteach⁶;

3.—Leasaítear alt 5 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 5 den Phríomh-Acht.

(a) i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) a bhaineann le ceimiceáin a mhonarú, a aicmiú, a lipéadú, a phacáistiú, a onnmhairiú, a allmhairiú, a chur ar an margadh, a thástáil, a stóráil, a iompar, a úsáid nó a dhiúscairt, nó”,

(b) i bhfo-alt (3)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith iontu is dóigh leis an Aire is gá chun críocha na rialachán (lena n-áirítear forálacha lena ndéantar dlí eile, cé is moite den alt seo, d’Acht 1972 agus d’Acht na gComhphobal Eorpach 2007, a aisghairm, a leasú nó a chur chun feidhme, fara modhnú nó gan mhodhnú),”,

(ii) trí fhomhír (i) de mhír (b) a scríosadh, agus

(iii) trí “údaráis náisiúnta nó údaráis inniúil” a chur in ionad “údaráis náisiúnta” i mír (d),

agus

(c) trí fho-alt (7) a scríosadh.

4.—Leasaítear alt 8 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht

(a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c) d’fho-alt (2):

“(c) Bord Ospidéal Beaumont, chun críocha Airteagal 9(3) den Rialachán sin agus chun na gcríoch sin amháin;”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Chun críocha Rialachán CLP, is údaráis inniúla sa Stát iad seo a leanas:

(a) an tÚdarás;

(b) an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, i leith lotnaidicídí;

⁶IO L204, 31.07.2008, lch. 1

- (c) Bord Ospidéal Beaumont, chun críocha Airteagal 45 den Rialachán sin agus chun na gcríoch sin amháin.”.

Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht.

5.—Leasaítear alt 9 den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b) d’fho-alt (8):

“(b) mar údarás inniúil i mBallstát chun críocha Rialachán na nGlantach, Rialachán REACH nó Rialachán CLP.”.

Leasú ar alt 14 den Phríomh-Acht.

6.—Leasaítear alt 14 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí “plean feabhsúcháin (dá ngairtear ‘plean’ san alt seo agus in alt 15)” a chur in ionad “plean feabhsúcháin”,

(b) i mír (b) d’fho-alt (2), trí “plean” a chur in ionad “plean feabhsúcháin”,

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Déanfaidh cigire, tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis plean, arna chur faoina bhráid nó faoina bráid faoi fho-alt (2), nó plean feabhsúcháin athmheasta (dá ngairtear ‘plean’ freisin san alt seo agus in alt 15), arna chur faoina bhráid nó faoina bráid de bhun ordacháin faoi fho-alt (4), a fháil, daingniú a thabhairt, trí fhógra chuig an duine a chuir an plean faoina bhráid nó faoina bráid, i dtaobh cibé acu is deimhin nó nach deimhin leis an gcigire gur plean leordhóthanach é.”,

agus

(d) trí na fo-ailt nua seo a leanas a chur isteach:

“(4) Más rud é nach deimhin le cigire gur plean leordhóthanach plean, déanfaidh sé nó sí, tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an plean a fháil, a cheangal, trí ordachán i scríbhinn, ar an duine a d’ullmhaigh an plean—

(a) an plean a athmheas ar cibé modh a bheidh sonraithe san ordachán, agus

(b) an plean arna athmheas amhlaidh a athchur faoi bhráid an chigire tráth nach déanaí ná an dáta a rachaidh cibé tréimhse a bheidh sonraithe san ordachán in éag.

(5) I gcás go ndaingneoidh cigire trí fhógra faoi fho-alt (3) gur deimhin leis nó léi gur plean leordhóthanach plean, déanfaidh an duine lena mbaineann an plean a chur i ngníomh láithreach.

(6) Aon duine lena mbainfidh ordachán faoin alt seo, déanfaidh sé nó sí de réir an ordacháin.

(7) Beidh ordachán nó fógra faoin alt seo sínithe agus dátaithe ag an gcigire.”.

7.—Leasaítear fo-alt (1) d’alt 15 den Phríomh-Acht—

Leasú ar alt 15 den Phríomh-Acht.

(a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) gur mhainnigh duine déanamh de réir ordacháin faoi alt 14,”

agus

(b) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach:

“(c) go bhfuil plean curtha faoi bhráid an chigire ag duine, a mbeidh sé daingnithe ag cigire i ndáil leis, trí fhógra faoi alt 14(4), nach deimhin leis nó léi gur plean leordhóthanach é, nó

(d) gur mhainnigh duine an plean a chur i ngníomh.”

8.—Leasaítear alt 16 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

Leasú ar alt 16 den Phríomh-Acht.

“(1) I gcás go mbeidh cigire den tuairim—

(a) go bhfuil, nó gur dóigh go mbeidh, faoi rialú duine in aon áit aon ghníomhaíocht a bhaineann le ceimiceán agus lena ngabhann, nó ar dóigh go ngabhfaidh léi, baol tromaí don tsláinte nó don chomhshaol, nó

(b) go bhfuil, nó gur dóigh go mbeidh, easnamh tromaí ar na bearta a dhéanann duine in aon áit chun mórtionóiscí a mhaolú agus a chosc,

féadfaidh an cigire fógra (dá ngairtear “fógra toirmisc” san Acht seo) a sheirbheáil ar an duine lena mbaineann.”

9.—Leasaítear alt 29 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

Leasú ar alt 29 den Phríomh-Acht.

“(3) I gcás go ndéanfaidh—

(a) dáileoir,

(b) úsáidire is faide anonn,

(c) allmhaireoir,

(d) monaróir,

(e) duine a cheapfar de réir Airteagal 8 de Rialachán REACH, nó

(f) táirgeoir airceadail,

foráil de Rialachán REACH a bhaineann leis nó léi a shárú, beidh an duine sin ciontach i gcion.

(3A) I gcás go ndéanfaidh—

(a) dáileoir,

- (b) úsáidire is faide anonn,
- (c) allmhaireoir,
- (d) monaróir,
- (e) fógróir,
- (f) táirgeoir airceadail, nó
- (g) soláthróir,

foráil de Rialachán CLP a bhaineann leis nó léi a shárú, beidh an duine sin ciontach i gcion.”.

Leasú ar alt 30 den Phríomh-Acht.

10.—Leasaítear alt 30 den Phríomh-Acht i mír (a) d’fho-alt (1) trí “12 mhí” a chur in ionad “6 mhí”.

Forléiriú tagairtí sa Phríomh-Acht.

11.—(1) Déanfar aon tagairt sa Phríomh-Acht—

- (a) do Rialachán Rotterdam,
- (b) do Rialachán na nGlantach,
- (c) do Rialachán REACH, nó
- (d) do Rialachán CLP,

a fhorléiriú mar thagairt don Rialachán sin arna leasú le hionstraim Eorpach (seachas treoir arna glacadh ag institiúid den Aontas Eorpach), cibé acu an roimh an Acht seo a rith, ar dháta a rite, nó tar éis é a rith a dhéantar an leasú.

(2) San alt seo—

ciallaíonn “Acht 1972” Acht na gComhphobal Eorpach 1972;

ciallaíonn “ionstraim Eorpach”—

- (a) foráil de na conarthaí a rialaíonn an tAontas Eorpach, nó
- (b) ionstraim arna glacadh ag institiúid den Aontas Eorpach, ag institiúid de na Comhphobail Eorpacha nó ag aon chomhlacht eile atá inniúil faoi na conarthaí sin;

tá le “Comhphobail Eorpacha” an bhrí chéanna atá leis in Acht 1972;

tá le “Aontas Eorpach” an bhrí chéanna atá leis in Acht 1972;

tá le “conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha” an bhrí chéanna atá leis in Acht 1972.

Leasú ar an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

12.—Leasaítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005—

- (a) i bhfo-alt (5) d’alt 18, trí “nach bhfuil ar fostú aige nó aici” a scriosadh”,

(b) i bhfo-alt (8) d’alt 29, trí “nó más rud é go ndearnadh achomharc, gur tréigeadh an t-achomharc” a chur isteach i ndiaidh “nach mbeidh aon achomharc déanta”,

(c) in alt 58, trí fho-alt (2) a scriosadh,

(d) in alt 65—

(i) i bhfo-alt (1), trí “plean feabhsúcháin (dá ngairtear ‘plean’ san alt seo agus in alt 66)” a chur in ionad “plean feabhsúcháin”,

(ii) i mír (b) d’fho-alt (2), trí “plean” a chur in ionad “plean feabhsúcháin”,

(iii) i bhfo-alt (2), trí mhír (c) a scriosadh,

(iv) i bhfo-alt (4), trí “plean” a chur in ionad “plean feabhsúcháin”, agus

(v) trí na fo-ailt nua seo a leanas a chur isteach:

“(5) Déanfaidh cigire, laistigh de mhí amháin tar éis plean arna chur faoina bhráid nó faoina bráid de bhun fho-alt (4) a fháil, daingniú a thabhairt, trí fhógra i scríbhinn chuig an duine a chuir an plean faoina bhráid nó faoina bráid, i dtaobh cibé acu is deimhin nó nach deimhin leis nó léi gur plean leordhóthanach é.

(6) Ceanglófar le fógra faoi fho-alt (4) nó (5), i gcás gur deimhin leis an gcigire gur plean leordhóthanach an plean, ar an bhfostóir lena mbaineann an plean a chur i ngníomh.

(7) Aon duine lena mbainfidh ordachán faoi fho-alt (1) nó fógra faoi fho-alt (4) nó (5), déanfaidh sé nó sí de réir an fhógra nó an ordacháin.

(8) Beidh ordachán nó fógra faoin alt seo sínithe agus dátaithe ag an gcigire.”,

(e) in alt 66—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b) d’fho-alt (1):

“(b) gur mhainnigh duine déanamh de réir ordacháin faoi alt 65(1), nó fógra faoi alt 65(4)(b), nó”,

(ii) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i bhfo-alt (1):

“(c) go bhfuil plean curtha faoi bhráid an chigire ag duine, a mbeidh sé daingnithe ag cigire i ndáil leis, trí fhógra faoi alt 65(5), nach deimhin leis nó léi gur plean leordhóthanach é, nó

(d) gur mhainnigh duine plean a chur i ngníomh.”,

agus

(iii) trí mhír (d) d’fho-alt (2) a scriosadh,

agus

(f) in alt 78—

(i) i bhfo-alt (1), trí “€5,000” a chur in ionad “€3,000”,

(ii) i mír (i) d’fho-alt (2)—

(I) trí “€5,000” a chur in ionad “€3,000”, agus

(II) trí “12 mhí” a chur in ionad “6 mhí”,

agus

(iii) i bhfo-alt (4), trí “nó sainchomhairleoirí” a chur in ionad “nó de chuid sainchomhairleoirí”.

Gearrtheideal,
comhlua agus
tosach feidhme.

13.—(1) Féadfar an tAcht Ceimiceán (Leasú) 2010 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010 a ghairm den Phríomh-Acht agus den Acht seo (seachas *alt 12*) le chéile.

(3) Féadfar na hAchtanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus 2010 a ghairm den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, d’alt 37 den Phríomh-Acht agus *d’alt 12* le chéile.

(4) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.